Uimh. 21
Samhradh/Fómhar 2008

An Lárionad um Fhobairt agus Oideachas na Luath-Óige **Nuachtlitir**

cecde
An Lárionad um Fhorbairt & Oideachas na Luath-Óige

Alana

An Straitéis Náisiúnta um Oiliúint faoi Chúram Leanaí

leath 3



San eagrán seo...

- Nuacht faoi Bheart na gCuntas Díomhaoin um Fheabhsú Cáilíocht Réamhscoile
- Vision into Practice: Imeachtaí na Comhdhála
- Sraith Taighde Spriocdhírithe 2008 - 2010
- Aiseolas ón bPróiseas Comhairliúcháin faoi Fhéinmheasúnacht Síolta
- Dialann Síolta

Heino Schonfeld

Clár Ábhair

Eagarfhocal 02

An Straitéis Náisiúnta um Oiliúint faoi Chúram Leanaí (NCTS) 03

Nuacht faoi Bheart na gCuntas Díomhaoin um Fheabhsú Cáilíocht Réamhscoile 04

Aiseolas ón bPróiseas Comhairliúcháin faoi Fhéinmheasúnacht Síolta 05

Dialann Síolta 05

Vision into Practice: Imeachtaí na Comhdhála 06

Mary O'Kane 06

Sraith Taighde Spriocdhírithe 2008 - 2010 06

Eagathóir
Heino Schonfeld

Clóite ag
Print Media Services

Má tá moltaí ar bith agat maidir leis an nuachtlitir déan teagmháil le Peadar Cassidy, Oifigeach Eolais, ag 01 8842113 **peadar.cassidy@spd.dcu.ie.**

Míle buíochas le Áine Nolan agus DCULS le haghaidh an aistriú a rinne siad do leagan Gaeilge do Alana.

Fáilte...

Chuig an eagrán seo de 'Alana'.

Tá timthriall eacnamaíoch Éireann tar éis an bhuaic a bhaint amach agus anois tá sé ag casadh anuas. Ní cúis ionaidh é sin i ndáiríre. Beidh roinnt de na himeachtaí timthriallacha seo feicthe cheana féin ag aon duine atá sean go leor. An rud atá éagsúil, áfach, ná go bhfuil an cor chun donais chomh tapa, chomh soiléir sin. Nuair a chuirtear é sin i dteannta leis an rómheastachán dochreidte a rinne an Rialtas maidir le hioncam cánach na bliana seo, is léir go bhfuil neamhchothroime fioscach thromchúiseach ann. Tá roinnt roghanna ann chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchothroime seo: airgead a fháil ar iasacht (raon teoranta mar gheall ar rialacha an AE), ioncam a mhéadú (go príomhúil trí cháin a mhéadú) nó caiteachas poiblí a laghdú. Tá an chuma air gur fearr leis an Rialtas an rogha dheireanach faoi láthair.

I gcúinsí mar seo, tá sé ríthábhachtach caiteachas poiblí a chur in ord tosaíochta, agus go háirithe, idirdhealú a dhéanamh idir costais ghinearálta agus réimsí infheistíochta, is é sin, caiteachas a mbeidh torthaí eacnamaíocha air agus a mhéadóidh iomaíochas na tíre.

Nuair a seoladh Tuarascáil Bhliantúil 2007 Barnardos, dúirt an tOllamh John Fitzgerald ón Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta go raibh idirghabháil luath i saolta leanaí leochaileacha riachtanach chun dul i ngleic le costais fhéideartha eacnamaíocha agus sóisialta. Ní hé an t-aon duine leis an dearcadh sin é. I ndáiríre, déanann an ráiteas sin achoimre ar líon ollmhór agus méadaitheach fianaise a léiríonn gur fiú infheistíocht phoiblí a dhéanamh in oideachas na luath-óige. Cé go bhfuil an ráta sochair éagsúil ó staidéar go staidéar, níl aon amhras ann anois go mbaineann infheistíocht in oideachas na luath-óige torthaí iontacha amach i bhfíor-airgead – le cois na torthaí soiléire a bhaineann le caipiteal daonna agus sóisialta.

Mar sin, ní haon ionadh go dtugann an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais tacaíocht láidir *"do sholáthar an mhaoinithe imfhálaithe d'fhorbairt oideachas réamh-bhunscoile atá riachtanach le haghaidh saoráidí agus chun oiliúint a chur ar mhúinteoirí, dírithe ar dtús ar na ceantair is mó faoi míbhuntáiste socheacnamaíoch agus oideachais."*[1]

Ar an 18 Iúil i mbliana, fiú, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach tuarascáil mhór ar 'The Irish Economy in the Early 21st Century'[2] agus luaigh siad go béasach *"maidir le tógáil córais náisiúnta d'oideachas agus de chúram na luath-óige, go dtí seo, measann an Chomhairle nár léirigh an beartas aon phioc den dánacht a d'úsáid Éire chun feabhas a chur ar easnaimh i soláthar oideachas meánscoile déanach sna 1960í agus i soláthar oideachas tríú leibhéal sna 1970í."*

Tá an teachtaireacht soiléir: ní só é oideachas na luath-óige nach féidir íoc as ach nuair atá gach rud go maith; is infheistíocht riachtanach é do thodhchaí ár leanaí agus ár ngeilleagair. Is í an cheist ná an dtuigfidh an Rialtas é sin in am. I bhfianaise na moille ar chur i bhfeidhm shnáithe an chláir DEIS a bhaineann le hoideachas na luath-óige, ní féidir ach bheith amhrasach.

Heino Schonfeld

---

1 An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (2007). *Annual Competitiveness Report 2006. Volume 2: Ireland's Competitiveness Challenge. Baile Átha Cliath:* An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais.

2 An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach (2008). *The Irish Economy in the Early 21st Century.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach.

An Straitéis Náisiúnta um Oiliúint faoi Chúram Leanaí (NCTS)

Le Maresa Duignan, Leas-Stiúrthóir, CECDE

Mar chuid den Chlár Náisiúnta Infheistíochta i gCúram Leanaí (NCIP) (2007 – 2010), gealladh go gcuirfí straitéis náisiúnta oiliúna i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeadh lucht oibre COLO cáilithe go cuí agus ullamh go gairmiúil chun an obair dhúshlánach a dhéanamh atá i gceist le tacú le dea-bhraistint, foghlaim agus forbairt bharrmhaith na leanaí faoina gcúram.

Le bliain anuas, tá an Lárionad ag glacadh páirte i ngrúpa oibre idir-rannach le hionadaithe ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE), ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige a bhfuil an tÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn ina chathaoirleach air. An dúshlán tosaigh a bhí le sárú ag an ngrúpa ná próifíl cháilíochtaí lucht oibre COLO reatha agus raon agus cineál an oideachais agus an tsoláthair oiliúna atá ar fáil a bhunú. Ba léir láithreach nach raibh go leor sonraí den chineál seo ar fáil, agus mar sin bhí sé riachtanach a lán taighde príomhúil a dhéanamh chun bunlínte iontaofa a bhunú le bonn a chur faoi straitéis oiliúna don todhchaí. Lena chois sin, mar gheall ar chreatlacha cleachtais amhail Síolta (CECDE, 2006) a fhorbairt, agus Creat don Luath-Fhoghlaim na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (CNCM, le teacht) agus forbairtí beartais eile cosúil leis na Rialacháin Leasaithe Réamhscoile (An Roinn Sláinte agus Leanaí [RSL], 2006), an tAcht um Míchumas (RSL, 2005) agus an Straitéis um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) (ROE, 2005), i measc eile, bhí sé riachtanach féachaint ar an tSamhail-Chreatlach d'Oideachas, Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil a d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in 2002, chun a chinntiú go raibh na próifílí gairme a mhol sí oiriúnach fós.

Tráth na scríbhneoireachta, táthar ar tí críoch a chur le dréacht deiridh de cháipéis chomhairliúcháin a choimreoidh na sonraí tiomsaithe uile agus a chuirfidh sraith ceisteanna a bheidh deartha chun forbairt an NCTS a threorú. Tá sé beartaithe é a chur ar fáil i bhfómhar na bliana seo agus go mbainisteoidh an Lárionad próiseas comhairliúcháin faoi na saincheisteanna príomhúla a thiocfaidh chun cinn. Is tionscnamh beartais tábhachtach é seo leis an gcumas seachadadh seirbhísí COLO in Éirinn a chlaochlú agus molfaimid do na heagraíochtaí, cleachtóirí, tuismitheoirí agus leanaí uile páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin seo chun a chinntiú go mbeidh bhur ndearcaí cuimsithe sa Straitéis Náisiúnta deiridh um Oiliúint faoi Chúram Leanaí.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach ar ár láithreán gréasáin www.cecde.ie.

Nuacht faoi Bheart na gCuntas Díomhaoin um Fheabhsú Cáilíocht Réamhscoile

Le Bronagh Cleland, Oifigeach Forbartha, CECDE

Bronagh Cleland

Le deireanas, rinne breis agus 200 réamhscoil friothálach do Bhunscoileanna atá aitheanta mar bhunscoileanna faoi Mhíbhuntáiste Mór Oideachais iarratas ar mhaoiniú faoi Bheart na gCuntas Díomhaoin um Fheabhsú Cáilíocht Réamhscoile.

Tugadh an scéim isteach faoi shnáithe Luath-Oideachais an chláir um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) agus fuarthas rochtain uirthi trí chiste na gCuntas Díomhaoin. Is tionscadal idirghabhála mór é DEIS a fheidhmíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Thángthas ar an maoiniú don Bheart um Fheabhsú Cáilíocht Réamhscoile trí chiste na gCuntas Díomhaoin agus tá sé á riar ag an Lárionad thar ceann an ROE.

Tá an maoiniú á chur ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm na mbeart cáilíochta a leagtar amach i *Síolta*, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige.

Cuireadh raon iarratas isteach faoin gCaighdeán *Síolta* dar teideal Timpeallachtaí. Áiríodh orthu sin trealamh a bheadh cuí do leanaí a chur in ionad troscáin agus trealaimh sheanchaite agus a bhí ar chaighdeán íseal. Mar sin féin, d'iarr formhór na réamhscoileanna a chuir isteach ar mhaoiniú faoin gcaighdeán seo maoiniú chun an timpeallacht lasmuigh a fhorbairt agus a uasghrádú. Rinneadh roinnt iarratas faoin gCaighdeán dar teideal Aistrithe freisin, lena n-áirítear comhthionscadal amháin ó 14 réamhscoil a bhain le hoibriú leis na 9 mbunscoil ina gceantar áitiúil chun tacú le haistrithe leanaí ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Rinne líon suntasach réamhscoileanna iarratas ar mhaoiniú dá gcuid foirne chun cur ar a gcumas páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil bhreise, lena n-áirítear sna réimsí a bhaineann le Garchabhair agus Riachtanais Oideachais Speisialta. Rinne go leor réamhscoileanna iarratais faoi na Caighdeáin dar dteideal Súgradh, Curaclam agus Tuismitheoirí agus Teaghlaigh freisin.

Cuireadh deireadh leis an mbeart maoinithe seo ar an 4ú Iúil 2008. Cuirfear iarrthóirí rathúla ar an eolas sna míonna amach romhainn. Foilseofar sonraí breise faoi na tionscadail cheadaithe sa chéad eagrán eile de Alana.

Aiseolas ón bPróiseas Comhairliúcháin faoi Fhéinmheasúnacht *Síolta*

Le Karen Mahony, Oifigeach Forbartha, CECDE

Karen Mahony

Le deireanas rinne an Lárionad próiseas comhairliúcháin lena Choiste Comhairleach faoi Uirlis Féinmheasúnachta nua-fhorbartha *Síolta* agus na hEiseamláirí lena gabhann. San iomlán, thug 44% de na heagraíochtaí ionadaíocha ar an gCoiste freagra; áirítear orthu sin 100% de na heagraíochtaí le ról maidir le tacú le cleachtas ardchaighdeáin san earnáil COLO. D'fhormhuinigh formhór na bhfreagróirí an uirlis agus na heiseamláirí ag gach leibhéal. Mar sin féin, mhol líon beag freagróirí mionathruithe nó mionleasuithe a mheas an CECDE, agus rinneadh leasuithe mar ba chuí.

I ndiaidh próiseas comhairliúcháin mionchruinn agus leasú na huirlise agus na n-eiseamláirí, bunaíodh Fóram Comhairleach Cleachtóirí neamhfhoirmiúil chun iniúchadh a dhéanamh ar an teanga a úsáideadh agus ar inneachar na n-eiseamláirí a bhain go sonrach le gach cineál suímh.

Le formhuiniú ard ón earnáil, tá an Lárionad sásta go léiríonn na leasuithe a rinneadh ar an uirlis agus ar a heiseamláirí dea-chleachtas i gcomhthéacs na hÉireann agus anois táimid réidh treoirthionscadal a dhéanamh leis an uirlis seo i mí Mheán Fómhair. Ba bhreá linn an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí agus cleachtóirí uile a rannchuidigh leis an bpróiseas thuas trí mheán Choiste Comhairleach an Lárionaid agus trí mheán an Fhóraim Chomhairligh Cleachtóirí. Mar i gcónaí, is mór againn an t-am a chaitheann daoine agus na hiarrachtaí a dhéanann siad chun cáilíocht san earnáil COLO a fhorbairt agus chun tacú léi.

Chun cur síos níos mionchruinne a fháil ar thorthaí an chomhairliúcháin, féach ar http://www.cecde.ie/gaeilge/consultation_assessment.php.

Dialann Síolta

Le Maresa Duignan, Leas-Stiúrthóir, CECDE

Is léir ó na meáin chumarsáide, agus ón aimsir gan amhras, nach an sos ath-fhuinnmhithe, lán de sholas na gréine atá go mór de dhíth orainn uile a bheidh i gceist le Samhradh 2008! In ainneoin an éadóchais agus an néil, áfach, tugann na hiarrachtaí leanúnacha a dhéanann cleachtóirí COLO chun feabhas a chur ar cháilíocht an chleachtais agus an tsoláthair seirbhíse araon spreagadh dom fós. Tá ár gceardlanna *Síolta* á gcur ar fáil do ghrúpaí díograiseacha ar fud na tíre agus ar deireadh, d'éirigh linn dhá phost do Chomhordaitheoirí *Síolta* a fhógairt mar gheall ar ár gcomhoibriú leis na trí chlár coiscthe agus idirghabhála luaithe i mBaile Átha Cliath (féach Alana, Earrach 2008). Cabhróidh na poist nua seo linn treoirphróisis a bhunú a bheidh deartha chun na hábhair, acmhainní agus próisis a bhaineann le Clár Deimhnithe Cáilíochta *Síolta* a mheas agus a fheabhsú de réir mar is gá. Tá áthas an domhain orainn go bhfuilimid in ann an obair riachtanach seo a dhéanamh i ndeireadh na mbeart, mar is réamhriachtanas í do chur i bhfeidhm náisiúnta an chláir. Tá súil againn go gcuirfear níos mó post den chineál seo ar fáil sa todhchaí de réir mar a leanaimid orainn ag cur feabhais ar cháilíocht ár seirbhísí oideachais luath-óige do leanaí óga in Éirinn.

Mar sin, cé nach bhfuil an ghrian ag taitneamh, b'fhéidir gur féidir linn uile bheith fuinnmhithe ag na céimeanna dearfacha atá á gcur i gcrích chun an pas deireanach i bhforbairt *Síolta* a éascú; dar linn, aithneoidh agus deimhneoidh sé obair iontach an phobail COLO in Éirinn.

Maresa Duignan

Vision into Practice: Imeachtaí na Comhdhála

Tá áthas ar an CECDE a fhógairt go bhfuil imeachtaí comhdhála Vision into Practice: Making Quality a Reality in the Lives of Young Children foilsithe anois. Tionóladh an dara Comhdháil Idirnáisiúnta CECDE i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, 8ú -10ú Feabhra, 2007. Cuimseoidh na himeachtaí foilsithe daichead páipéar le cois trí phríomhóráid a ndearna painéal roghnaithe ón bpobal COLO in Éirinn piarmheasúnú orthu.

Féadtar Vision into Practice a íoslódáil ó láithreán gréasáin an Lárionaid (www.cecde.ie) nó déan teagmháil leis an oifig ar 01 8842110 nó early.childhood@spd.dcu.ie chun sonraí a fháil faoi conas cóip chlóite a ordú.



Sraith Taighde Spriocdhírithe 2008 - 2010

D'éirigh thar barr le sraith taighde spriocdhírithe tosaigh an Lárionaid, agus mar sin, níos luaithe i mbliana d'fhógraíomar go mbeimis ag iarraidh tairiscintí do cheithre thionscadal bhreise. Tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil an maoiniú sin dáfa againn le deireanas. Is iad seo a leanas na teidil oibre agus na hinstitiúidí taighde agus príomh-thaighdeoirí:

1. **Targeted Early Childhood Educational Provision within a Cluster of DEIS Settings**
   An tIonad um Thaighde Sóisialta agus Eacnamaíoch, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
   An Dr. Nóirín Hayes agus an Dr. Mary O'Kane

2. **Bringing Practitioners and Parents Together – Development of a Framework for Action for Promoting Cultural Diversity in Early Childhood Education Settings**
   An tIonad um Thaighde Sóisialta agus Teaghlaigh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
   Fergus Hogan, Jonathan Culleton, Máire O'Reilly, Jacqui Duggan agus Claire Nolan

3. **Professional Development for Early Childhood Professionals - Examining Pedagogy in Early Childhood**
   Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis
   An Dr. Glenda Walsh, an Dr. Colette Gray, Sheelagh Carville, Karen Hanna agus Dorothy McMillan

4. **Development of a Framework for Action for the Inclusion of Children with Special Needs in Early Childhood Education Settings**
   An tAonad Forbartha Curaclaim, Coláiste Mhuire gan Smál Luimneach i gcomhar le Cúram Leanaí Chathair Luimnigh
   Eucharia McCarthy agus Mary Moloney.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach, le do thoil, ar ár láithreán gréasáin http://www.cecde.ie/gaeilge/targeted_projects.php.

Déanaimid comhghairdeas le Mary O'Kane

Déanaimid comhghairdeas le Mary O'Kane a fuair a PhD ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath le deireanas mar gheall ar a tráchtas *"Building Bridges: The Transition from Preschool to Primary School for Children in Ireland"*. Is í Mary an chéad duine ón ngrúpa tosaigh de mhic léinn PhD urraithe ag an Lárionad a chríochnaigh a cuid staidéar. Tá an tráchtas críochnaithe, atá ar cheann de na píosaí tearca taighde atá críochnaithe i réimse an Aistrithe i COLO in Éirinn, ar fáil ó Leabharlann an Lárionaid agus is féidir rochtain a fháil air ar líne freisin ag http://www.cecde.ie/gaeilge/maryokane.php.

Mary O'Kane